

SUTh SHOILL

Luach € 2.00

Na Dúnaibh agus Tús an Chéid Theireanaigh



Bhí cuid mhór líonadh ar na bairillí seo.

Ní fios cé hiad na mná sa ghrianghraf seo, nó an fear óg ina measc.

Déan teagmháil linn:

Céim Aniar Teoranta, Áras Ros Goill, Na Dúnaibh, Tír Chonaill.

Fón: 074 9154830

Facs: 074 9154830

Ríomhphost: ceimaniar@eircom.net



AN CLÁR

IRIS Céim ANIAR

LÉARAS AR Mhuintir Ros Foill sna 1940í	3
Dailiúchán Béaloirdis	5
KILLIMANJARO	8
Imeachtaí Chéim ANIAR	10
An Sean-Iascaire	12
feadaímó	13
Lozainnneacha Shleann Úraí	15
nochtadh plaic in ómós don Dochtúir Leaslaoi Lúcas	16



Léargas ar Mhuintir Ros Goill sna 1940í ó dhialanna na mbailitheoirí béaloidis

Le linn do Sheán Ó hEochaidh agus do Liam Mac Meanman, bailitheoirí de Roinn Bhéaloidis Éireann, bheith i Ros Goill, bhí sé de dhualgas orthu tuarascáil laethúil a choinneáil i bhfoirm dialainne. B'fhéidir nár tuigeadh, ag an am, an tábhacht a bhainfeadh leis na dialanna úd sa todhchaí ach is cuntas agus oireas tábhachtach sóisialta iad de bhunadh leithinis Ros Goill, rud nach ndearnadh ar feadh tríocha bliain, ó tháinig an tuairisc dheireanach ó Bhord na gCeantar Cúng. Seo thíos mo chuid smaointí féin fá shaol na ndaoine agus mhuintir Ros Goill i ndiaidh domh staidéar a dhéanamh ar na dialanna:

Slí Beatha

Cuirtear dream daoine, arbh é a slite beatha a gcéad cúram, in iúl do léitheoirí na ndialann. Deir Liam Mac Meanman, nuair a bhí sé ag bailiú sa taobh thoir, go gcaithfeadh duine a bheith i gcónaí leis na ba nuair a bheadh siad ag innilt ar na dumhcha nó thitfeadh siad leis na beanna. Tá tagairtí déanta aige go raibh fir ag baint phrátaí i rith an lae nuair a bhí sé dá gcuardach. Dúirt Seán Ó hEochaidh nach raibh maith ar bith dó bheith ag dul amach fríd na tithe ag bailiú béaloidis ró-luath mar go raibh acahan duine ró-ghnóitheach, taobh amuigh de dhuine inteacht nach mbeadh ar intinn aige obair a dhéanamh, ach mar a dúirt sé féin, *'ba doiligh sin a fháil i Ros Goill'*.

Bhí sé ag cuartaíocht i dtigh Mháire Uí Fhrighil lá amháin ach de réir cosulachta ní raibh an t-am le spáráil aici. Seo an méid a scríobh sé:

'Bean í a bhí i gcónaí gnóthach agus mar sin de ní raibh sí i bhfách le suí agus airneáin a dhéanamh: 'ach mar dúirt mé i roimhe má bhí sí ina suí féin ní raibh sí 'na cónaí, de bhrí go bhfuil mé ag déanamh dá suífeadh sí leathuair amháin shílfeadh sí go mbeadh achan sórt ag dhul le fanadh.'

Piseoga

Is léir ó na dialanna gur dream piseogach a bhí in muintir Ros Goill. B'íomaí cúis a bhí taobh thiar de seo, mar shampla: iargúltacht an cheantair; creideamh láidir traidisiúnta Caitliceach na ndaoine, chomh meabhrach agus a bhí na daoine ar a dtimpeallacht fisiceach, nádúrtha agus osnádúrtha, a d'eascair ó spioradáltacht a gcúlra Cheiltigh agus Phágánaigh agus an stóchas agus an géilleadh do thoil Dé a d'eascair as meascán de


reiligiún coinbhinsiúnach agus de chreideamh ársa.

I leith na cúlraideachta de, ba léir chomh hiargúlta agus a bhí muintir na háite, ó thaobh láthair agus meon na ndaoine de. De réir dealraimh, ní raibh mórán cumarsáide acu le strainséirí agus tá sé furasta a thuiscint cad chuige a mbeadh siad amhrasach fá dhaoine coimhthíocha. Mar a dúirt seanfhear amháin le Seán Ó hEochaidh, *'caithfidh daoine a bheith faichilleach cé leis a labhairfidh siad'* agus is sampla thíos ar chomh cúngaigeanta agus bhí cuid de na daoine san am sin.

'Deir Peadar (Mac Giolla Chearra) go bhfuil strainséir thuas fá Chluain tSaileach agus léarscáil aige agus nach labhrann sé le duine ar bith. Síleann sé gur Lochlannach atá ann ag cuartú óir nó deir siad gur chuir na Lochlannaigh ór i bhfad i bhfad ó shin i gCluain tSaileach'

Tá gach seans gur duine é a bhí ag scríobh tuairisce do Bhord na gCeantar Cúng nó ag déanamh suirbhé ach tugann sé léargas dúinn fán bheagán cuairteoirí a bhí i Ros Goill sa am sin.

Dream iad a bhí faiteach faoi athrú saoil agus faoi



Gáinne ó Chluain tSaileach

rudaí nach raibh siad cleachta leo. Go díreach mar a bhíonn drogall orainn athrú a ghlacadh chugainn féin, ba dhoiligh dóibh ciall a dhéanamh as rud nach raibh siad oile faoi agus is dea-shampla a fuair Seán Ó hEochaidh ar an chineál sin faitis. Dúradh leis go bhfaca muintir na háite réaltóg in am an Chogaidh Mhóir, thug siad 'Réalt an Rubaill' uirthi. Mínítear an fáth taobh thiar de sin sna lámhscríbhinní:

'Ba léir leofa gur comhartha de chuid dheireadh an tsaoil a bhí anseo, agus tuilleadh a bhí ag déanamh gur athrú inteacht a bhí ag dul a theacht le linn an chogaidh. Bhí ruball mór

solais siar i ndiaidh na réaltóige seo, agus sin an fáth a dtug na daoine réalt an rúbaill uirthi

Sampla eile dena gcuid faitís ná an meaisín taifeadta a bhí ag na bailitheoirí. Éideafón a tugadh air, gléas mór le hadharc fhada cham air. Ní mór a rá go raibh lucht leanúna an-mhór ag an éideafón agus chuir seo le líon lucht an airneáil sna tithe. Déanann Ó hEochaidh cur síos ar fhear amháin a raibh an t-uafás eagla air roimh an ghléas seo:

‘Bhí sé iontach critheaglach agus i ndiaidh é tosú ar scéal bhí crith ar a ghlór agus a lámh ag dul sa chruth agus go raibh an adharc ag boc léimnigh agus b’éigean domh féin breith uirthi go bhfuair sé téite suas i gcionn na hoibre’

Sláinte na nDaoine

Bhí saol folláin ag daoine. Chuir siad a muinín i leigheasanna nádúrtha mar ba ghnách san am. Théadh muintir na háite fhad le Loch an Chnoic Mhóir achan Mhárta le báchrán a bhaint. Ba chineál luibhe é. Dhéantaí anraith de agus d’óladh siad braon de achan lá i rith na míosa. Chreid siad go gcoinneodh sé an corp slán ó achan ghalar dá thairbhe. D’ith siad duileasc ó na carraigeacha agus na tránna chun a gcoirp a choinneáil slán

agus shaothraigh siad airgead uaidh fosta i ndiaidh dóibh é a thriomú agus a dhíol. Chomh maith leis sin baineadh sleabhac ón Charraig Liath, bruitheadh agus óladh an deoch fuinneamhach seo. D’ith siad faochóga a fuair siad ar na carraigeacha chomh maith agus an iliomad saghas rudaí eile a dhéanfadh maith dóibh. Tá tagairtí do na leigheasanna úd le fáil i gcnuasach Ros Goill i Roinn Bhéaloideas Éireann, Ollscoil Bhaile Átha Cliath.

Beidh tuilleadh le fáil ó Bhéaloideas Ros Goill agus fá shaol na ndaoine sa tseanam sa chéad eagrán eile.

Aíngéal Níc a’ Bháird



BAILIÚCHÁN BÉALOIDS

Pisreogaí fán bhás agus breith daoine

(Tá an t-alt seo go díreach mar scríobh Seán ó hEochaidh é ó chaint na ndaoine)

Bhí gnás acu anseo nuair a bheirtí duine a bháití chun an baile. Nuair a bheirtí an corp [a] fhad leis an tigh chaithfeadh iomlán a mbeadh dá mhuintir istigh sa tigh a theacht amach sula dtugtaí isteach an corp.

Nuair a bheadh duine ag fáil bháis anseo fad ó shin chuirtear amach an cat. Ní raibh feidhm a chur amach go mbeadh an t-anam réidh leis an cholainn a fhágáil. Bhíodh siad an-fhaichilleach fá seo agus mura smaoitíodh muintir an tí air nuair a bheadh an duine ag fáil bháis, nó sna smeachannaí deirneacha, chuirfeadh duine inteacht de na comharsanaigh a bheadh istigh amach é. Chuireadh siad faoi chliabh é amuigh i mbóitheach nó ina sciobóil agus ní chorrófaí as sin é go lá an tórraimh. Ba léir leofa sa tseanam anseo go raibh an diabhail sa chat agus go mbíodh sé ag feitheamh leis an anam a bhí ar tí an cholainn a fhágáil. Mar sin de, chaithfí é a chur amach as a chasán. Tá daoine sa cheantar seo go fóill a chreideas go bhfuil seo amhlaidh agus cuirtear amach an cat as cuid de na tithe.

Ba léir leofa sa cheantar seo fad ó shin go raibh baint mhór ag tiontú an taoile le bás duine. Nuair a bheadh duine lag nó cloíte agus iad ag feitheamh lena bhás ba ghnáth leofa an lán mara a choimhead, nó ba léir leofa dá mbeadh duine beo i ndiaidh tús tráite go mbeadh sé beo go tús líonta nó lag srutha.

Bá léir leofa fosta go raibh baint mhór ag an taoile le teacht duine ar an tsaol agus mar an gcéanna le teacht na gealaí agus lán gealaí.

Fad ó shin sa cheantar seo nuair a gheofaí

duine marbh amuigh i gcuibhreann nó ar thaobh an bhealaigh mhóir, ba ghnáth leis na daoine a bheadh ag dul thart san áit sin cloch bheag nó méaróg a chaitheamh san áit a bhfaighfí an duine sin bás. Dá mbeadh duine ag dul thart níos mó ná uair amháin sa lá ina leithéid seo a dh'áit dhéanfadh sé gnoithe an chloch a chaitheamh uair amháin san áit seo, ach bhí cuid de na seandaoine ar ghnáth leofa an chloch a chuir ar an charnán achan uair a rachadh siad an bealach.

Chuala mé ag an tseanmhuintir anseo, nuair a chuirfí duine sa reilig anseo fad ó shin, chomh luath géar agus a d'éireodh an uaigh glas agus a d'fhásadh an féar uirthi, chuala mé iad a rá gur ghnáth leofa preab spáide den uaighe a thabhairt leofa 'na bhaile agus a chur amuigh sa gharraí nó mura mbeadh garraí acu a chur in áit inteacht nach dtiocfadh duine nó beithíoch a chomhar. In amannaí chuirtear blátha thart ar an phreab seo deirtear agus ní ligfí rud ar bith a comhar.

Sa tsean-am anseo in íochtar Ros Goill, nuair a thigeadh daoine isteach fá thír, báite, ba ghnáth a gcur sna cladaigh mura mbeadh comhartha ar bith orthu le taispeáint gur Chaitlicigh iad. Dá mbeadh, chuirfí sa talamh iad ar bhruach, agus bheirtí cuid acu 'na reilige agus chuirfí iad i gcuideachta na bpáistí gan bháistiú.

Is gnáth na héadaí a bheas ag duine a gheibh bás sa cheantar seo a thabhairt don té is gaolmhaire don chorp.

An corp a gheofaí marbh amuigh sa cuibhreann nó de chois an bhealaigh mhóir, ní thabhairfí isteach chun tí é go dtigeadh an méid dá bhunadh a bheadh istigh amach an chéad uair.

Sa tseanam anseo agus i gcorr áit in íochtar Ros Goill ba ghnáth cultacha báinín a

chuir ar na coirp uilig faoin tais-éadach. Ba ghnáth an báinín a chur ar fhir agus ar mhná ach corr uair go n-ordódh na mná báinín dearg a chur orthu féin sula bhféigheadh siad bás. Na seandaoine a gheibh bás san íochtar is gnáth an báinín a chur orthu go fóill, agus nítear na cultacha go díreach mar bheadh léine mhór.

Comhartha báis duine an coileach a dhul a scairtí i lár na hoíche in am ar bith fríd an bhliain ach amháin fán Nollaig. San am seo den bhliain ní chuireann na daoine suim ar bith sna coiligh de bhrí cé bith a dhéanfas siad fan Nollaig ní chuireann siad suim ar bith ann. Rámhailligh na Nollag a bhíos orthu san am seo.

Is gnáth páistí gan bháistiú a chur in áiteachaí suaimhneacha ar thalta na ndaoine féin sa cheantar seo. Cuirtear iad in am mharbh den oíche san am nach bhfeiceann duine ar bith iad. Deirtear an té a shiúlfas i mullaigh uaigh páiste acu seo go dtiocfaidh scruth mar bheadh bruitíneach amach ar a gcaiceann. Tá intinn ag a daoine sa cheantar seo go mbíonn anama-cha na bpáistí seo in áit shuaimhneach in-teacht ar an tsaol seo.

Pisreogaí fá fhairí agus tórraimh

Bhí gnás eile acu anseo fad ó shin nuair a d'fhágfadh an tórramh an teach dá mbeadh duine ar bith thart a mbeadh faithne orthu, ba ghnáth leofa lán a ndoirn cré-afóige a thógáil agus a chaitheamh i ndiaidh an choirp agus iarraidh ar an chorp na faithní a thabhairt leis. Ba léir leofa go leigheasfadh seo na faithní.

Deirtear anseo nach bhfuil sé ceart coinneal a lasadh ar choinneal eile i dtigh faire. Agus rud eile, nach bhfuil sé ceart na coinneal a lasadh le cipín solais. Is gnáth i gcónaí sa cheantar seo na coinneal a lasadh le haibhleog nó le páipéar a lasfaí sa tine.

Fad ó shin sa cheantar seo nuair a gheibheadh duine bás ba ghnáth i gcónaí go

gcuirtí faoi chlár sa chisteanáigh iad – i leabaidh na cisteanadh. Nuair a thiocfadh lá an tórraimh ansin, dá mbeadh dhá dhoras ar an tigh chaithfí an chónar a thabhairt amach an doras a ba deise don chorp. Is é sin, dá mbeadh leabaidh na clúide ar an taobh cúil den teach, caithfí an chónar a thabhairt amach ar an doras cúil agus dá mbeadh an leabaidh ar aghaidh an tí caithfí an chónar a thabhairt amach ar an doras aghaidh.

I ndiaidh an chónar a thabhairt amach as an tigh ní thabhairfí achoíche an aicearra 'na reilige í. Chaithfí i gcónaí a thabhairt an bealach ab fhaide ón tigh. Fad ó shin anseo in íochtar Ros Goill bhí an reilig ar an taobh thoir, ag áit a dtugann siad Míobhuí air. Bhail, na coirp a bhíodh le tabhairt ón Mheall Mhór aníos go Míobhuí, in áit a theacht aníos díreach leofa 'na reilige bá ghnáth leofa a dtabhairt thart ar an cheann go huile agus síos an taobh eile. Ar an dóigh seo chuireadh siad tuairim ar ocht míle de chor bealaigh orthu féin. Lean an gnás seo sa cheantar go dtí le beagán blianta. Níl daoine ar bith á gcur sa reilig seo anois.

Sa tigh a mbíodh duine a fháil bháis ann fad ó shin ba ghnáth le seanduine a bheith istigh nach mbeadh a dhéanamh rud ar bith ach a fhadú agus a leagan na tine dó réir agus mar bheadh an té a bheadh a fáil bháis ag dul in athrú agus ag teacht as.

Sa cheantar seo anois is gnáth i gcónaí go gcuirtear faoi chlár daoine uilig sna seomraí, agus fágtar an tobaca agus an snaoisín sa chisteanáigh ar an tábla. Bíonn coinneal lasta ag taobh na leapa san áit a mbíonn an corp faoi chlár, ach ina chuideachta sin bíonn tábla beag eile sa chisteanáigh a mbíonn coinneal lasta air fosta. (Níor tháinig mé trasna ar seo in áit ar bith eile go fóill ach i Ros Goill féin).

Ba ghnáth fuil a tharraingt ag na fairí uilig anseo fad ó shin. Mura mbeadh dóigh ar bith eile acu leis an fhuil a tharraingt ba ghnáth le cúpla duine acu a dhul agus a

sáith a ól, dá mbeadh sé le fáil cóngarach. Thiocfadh siad ar ais na faire ansin agus b'fhéidir go rachadh beirt acu a throid go bhfágadh siad an fhuil lena chéile. Ní bhacadh duine ar bith leofa agus in áit a scaradh is é an rud a bhíodh lúcháir ar mhuintir an tí an fhuil a fheiceáil. (Níl duine ar bith ábalta inse domh cad é an chiall a bhí le seo, ach tá [a] fhios ag na daoine go raibh seo amhlaidh sa tseanam).

Ba ghnáth leofa fosta ceol a bheith acu ag na fairí anseo fad ó shin. Fear ar bith a raibh amhrán aige ní raibh dochar ar bith dó a cheol. In amannaí fosta bhíodh fídléir ag faire, agus d'imreodh siad cártaí fosta.

An duine as an áit seo a gheibh bás thall i Sasain nó in Alban ní gnáth an mhórchuid acu a thabhairt 'na bhaile. Ach dhéanfadh a bhfaire go díreach comh maith agus dá mbeadh an corp i láthair. Cóireochtar suas leaba agus chruinneodh na comharsain isteach agus shuífeadh siad go maidin. Gheofar tobaca, píopa agus snaoisín agus dhéanfar tae cúpla uair nó thrí ar feadh na hoíche. Is gnáth an paidrín a rá fosta i dtrátha an mheán oíche agus bíonn cleasannaí acu go díreach mar bheadh ag faire ar bith.

I sean-reilig Mhíobhuí ba ghnáth leis an tsagart buidéal uisce coisricthe a bheith leis agus nuair a bheadh a ghnoithe déanta leis an uisce coisricthe, bhriseadh sé an buidéal ar an chónar san uaigh.

Nuair a bhíothas uaigh tochailte sa cheantar seo is gnáth an spád agus an tsluasiad a chur crosach ar an uaigh.

Is léir leis na seandaoine nach bhfuil sé ceart uaigh a fhoscal Dé hAoine agus níor ghnáth leofa a bhfoscail sa tseanam dá dtéadh acu air. Ach deir siad nach bhfuil bás ar bith cosúil le bás na hAoine agus adhlacadh an Domhnaigh.

In íochtar Ros Goill nuair a bheirtear an chónar amach as an tigh fágtar ar dhá

chathaoir í os coinne an dorais. Ansin croitear an t-uisce coisricthe ar an chónar agus ar na daoine uilig a bheas i láthair. Más teach ceann tuí atá sa teach a bheas an corp a fhágáil, caithfear an t-uisce coisricthe a chroitheadh le cochán a bhainfear as urla an tí. In amannaí eile baintear slámán as an chochán a bheas sa leabaidh faoin chorp. Cé bith cúis de is le cochán a chaithfear an t-uisce coisricthe a croitheadh.

Tá gnás acu anseo go fóill rud inteacht a chur sa chónar leis an chorp. Cuirtear airgead go minic leofa, agus chuala mé iomrá ar bhean taobh istigh de chúpla mí a chur nóta punta lena fear sa chónar. *Nellie Marley*, Doire Chasáin Beag, ainm na mná a rinne seo. Tá sé níos coitianta airgead geal a chur sna cónracha agus sa tsean-am deirtear gur minic a cuireadh bonnóg aráin mine coirce leofa. Níl seo coitianta sa leath uachtarach den pharóiste, ach bhí sé coitianta go maith ar íochtar de chois na farraige.

Bhí sé ina ghnás anseo fosta fad ó shin, agus tá go fóill san íochtar, cearca agus lachain a ghoid agus á mbrúite ag na fairí. Ní chuirfeadh na daoine sa cheantar suim ar bith sa ghadaíocht seo siocair é a bheith ina ghnás san áit, agus ní bheadh [a] fhios ag duine ar bith amach ón té a ghoid iad cé uaidh ar tugadh iad. Chaithfeadh an té a dhéanfadh an ghadaíocht a bheith ábalta rún a dhéanamh ar an méid sin.

* * *

**focal amhláin,
dealg lábáin agus
snáithe beag oll a
shearras go
cnámh.**

Killimangaro

Ar leanstan

D'fhág muid Horombo ar ár mbealach go Kibo an mhaidin dar gcionn. Bhí fhios againn go léir go raibh an turas le h-éirí níos deacra. Ar an bhealach go Kibo d'fhág muid an áit dheireanach chun uisce úr a fháil inár ndiaidh, i ndiaidh de na póirtéirí gach uile soitheach a bhí acu a líonadh. Bhí an timpeallacht ag éirí cosúil le fásach agus ní raibh ach gaineamh agus carraigeacha le feiceáil. Leath bealaigh fríd an lá d'éirigh mise iontach lag. Bhí mo chorp iontach te ach bhí mo lámha préachta. Is beag nár thit mé i laige ach shábháil Joseph mé. Thug sé sos beag dom chomh maith le seacláid le hithe agus deoch uisce le hól agus i ndiaidh cúpla bomaite bhí mé réidh le himeacht arís. Ní raibh ar Joseph ná ar na treoraithe eile 'pole pole' (go mall) a rá an lá sin.

Shroich muid Kibo faoi dheireadh agus is fíor a rá gur áit suarach í. Bhí tinneas sléibhe ag cur isteach ormsa faoin am sin agus bhí mo cheann ag réabadh. Tháinig na leaids chugainn lenár mbéile ach cé go raibh tinneas cinn orm níor chaill mé mo ghoile. Tarlaíonn sin go minic agus bíonn an fuinneamh de dhíth don lá deireanach. Sna campaí eile bhí seomra bia ach i Kibo d'ith muid agus chodail muid sna seomraí céanna. Bhí se chomh fuar sin amuigh nach raibh fonn orainn an teachín a fhágáil. Chuaigh muid díreach a luí i ndiaidh an dinnéir.

Dúisíodh muid ar cheathrú go dtí a haon déag. Thosaigh muid ag siúil sa dorchadas agus ag an bpointe sin bhí spionn maith ar achan duine. Níorbh fhada gur tháinig athrú ar an scéal. Chuir an fhuacht isteach ar mo lámha arís agus mhothaigh mé fuinneamh ag sileadh amach as mo chorp. Ghlac Prosper, duine de na treoraithe, mo mhála agus tháinig me chugam féin arís. Bhí trioblóidí ag Frances thart faoin am sin chomh maith, ní raibh sí ábalta dul ar aghaidh agus sa deireadh shocraigh sí dul ar ais go dtí Kibo. I ndiaidh tamaill chuala

mé guth Marcella agus í ag béiceadh agus ag screadach, Bhí sí ag rá go raibh sí ag iarraidh bás a fháil agus go raibh sí ag iarraidh bheith adhlactha ar an sliabh. Shíl mé go raibh sise ar an bhealach anuas ach bhí sí i bhfad romham le Joseph. Ag an bpointe sin, bhí Prosper ar an bhealach ar ais le Frances, bhí Marcella agus Joseph agus Paula agus Alo chun tosaigh agus bhí mise agus Cathy fágtha le Frank. Lean muid ar aghaidh go mall ag glacadh sos i ndiaidh sosa. Shroich muid Gilmans Point in am do bhreacadh an lae. Chuidigh sé sin linn ár gcinneadh a dhéanamh dul ar aghaidh chun an pointe is airde, Uhuru, a bhaint amach.



Sorcha agus Cathy ar Phointe Gilman

Bhuail muid le Paula agus Marcella agus iad ag teacht anuas. Bheartaigh siadsan gan dul ar aghaidh mar nuair atá Gilmans Point bainte amach agat thig leat a rá gur dhreap tú an sliabh. Dúirt Frank, ár dtreoraithe, go nglacfadh sé uair go leith dul go Uhuru ach thóg muidinne ar a laghad dhá uair a chloig. Bhí Frank bocht céasta againn. Bhí mo lámha chomh fuar am amháin go raibh air mo bhuidéal uisce a chur chuig mo bhéal. Bhí deacrachtaí agamsa anáilú agus bhí cosa Cathy scriosta. 'Sé rud a chuidigh leis an bheirt againn na ceol ag bheith linn. Bhí i-pod agamsa agus ag Cathy agus spreag sé muid céim i



Uhuru - Sarah agus Cathy ar an phointe is airde san Aifric.

ndiaidh céime. Nuair a shroich muid barr an tsléibhe níor fhan muid ró-fhada ann. Ní bhfuair muid mórán ama grianghraf a ghlacadh mar bhí scuaine daoine ag iarraidh an rud céanna a dhéanamh. Mhóthaigh mé bródúil agus sásta liom féin ach mhóthaigh mé tuirseach agus shamhlaigh mé bheith ar ais i mo leaba.

Ní raibh an turas ar ais furasta ach an oiread agus 'sé mo bharúil gur ghlac sé níos mó na trí uaire go leith dul ar ais go Kibo. Nuair a tháinig muid ar Kibo bhí mé scriosta agus salach agus bhí mé ag súil le bia, leaba agus sos. Ní mar sin a tharla rudaí. Ní raibh ach Prosper agus Joseph fágtha i Kibo. Bhí na cailíní eile ar ais i Horombo. Ní raibh cead again mórán ama a chaitheamh ann ach oiread. Dúirt na treoraithe go raibh sé contúirteach barraíocht ama a chaitheamh go hard sin agus go raibh orainn dul síos. Bhí leath uair againn ar ár suaimhneas ag ithe seacláid agus ag ól oráiste agus bhog muid ar aghaidh. Sílim go raibh muid ar ais i Horombo thart fá leath i ndiaidh a dó. Bhí muid ag siúl ar feadh ceithre uaire dhéag. Bhí an scaifte eile ag fanacht orainn agus chuir siad fáilte mhór romhainn. Bhí an lón réidh ag na fir ach don chéad uair ar an turas ní raibh goile ar bith agam. Tháinig sé ar ais gan mhoill! Ar a seacht an mhadin dar gcionn bhí muid réidh le himeacht.

Ghlac muid cúpla pictiúr agus ar aghaidh linn. Thig leat dul i bhfad níos gaiste ar an bhealach anuas agus bhí lón réidh dúinn i Mandara. Nuair a shroich mé geata na páirce bhí mé réidh le téacsanna a sheoladh chuig daoine a rá gur éirigh liom. Ní raibh mé ábalta é a dhéanamh go dtí sin. Ar ais ag an óstán bhí seans againn cith a ghlacadh agus éadaí glana a chuir orainn. Dá bhfeicfeá an folcadán ina dhiaidh, bhí sé lofa.

Is traidisiún é bualadh leis na treoraithe agus na póirtéirí sa bheár agus deoch a cheannach dóibh. Bhronn Frank teastas orainn agus cheol na fir uilig amhráin fá Killimanjaro dúinn. Cheol muidinne amhrán i nGaeilge arís. Níor fhan siad ró fhada linn mar bhí deifir orthu dul ar ais go dtí a dteaghlaigh. Bhí cúpla deoch again sa bheár an oíche sin ach bhí mé sa leaba roimh a naoi.

Chaith muid lá iomlán san óstán agus gan faic a dhéanamh againn agus an lá dar gcionn chuaigh muid ar safari. D'eitil muid ansin go dtí oileán Zanzibar agus chaith muid cúpla lá ar an trá i bparthas sula deachaigh muid abhaile.



Ar Safari

Is tír álainn í an Tansáin, suimiúil, cairdiúil agus sábháilte. Mholfainn do dhuine ar bith dul agus an turas sin a dhéanamh.....ach ní dhéanfainn arís é!!!!

Sorcha Ní Bhrodlaigh



D'éirigh go hiontach leis an dá champa samhraidh a bhí a réachtáil ag Céim Aniar in Ionad C.L.G. na nDúnaibh i mbliana. Bhí réimse leathan imeachtaí ar siúl achan lá, idir spórt, cheol, amhránaíocht, chluichí intinne, ealaíon, fhilíocht, agallaimh beirte, dhamhsa, thóráíocht taisce agus fiú amháin rud beag cócaireachta. Ba mhaith linn ár mbuíochas a ghabháil leis na cúntóirí uilig a chur obair mhór isteach sna himeachtaí agus le coiste C.L.G. na nDúnaibh a thug úsáid an ionaid dúinn. Glacadh an grianghraf thuas i ndiaidh seó an chéad champa ar an Aoine 30 Iúil. Bronnadh teastas ar achan pháiste agus bhí duaiseanna do na páistí a rinne iarracht mhór Gaeilge a labhairt an t-am ar fad.



Spórt agus spraoi ag Campaí Samhraidh Gaeilge Chéim Aniar



An Sean-Iascaire



Chonaic mé é ar an ché lá amháin
ina shuí ar mhullard ag smaoineamh.
Shiúl muid thairis, mé fhéin is mo chairde
chan fhaca siadsan ach seanfhear gan fiúntas.
Shuigh sé go socair, é ag caitheadh a phíopa
bhí rud éigin suaimhneach fá dtaobh dó;
D’amharc sé orm lena shúile liathghorm
is eolas an domhain ina ndoimhneacht.

Níl a fhios agam cad chuige, ach shiúl mé
anonn;
stad mo chairde nuair a thug siad faoi deara.
shuigh mé ar bhosca ansin ag a thaobh
is thosaigh an bheirt againn ag comhrá.
“Tabhair Jack orm,” a dúirt sé, “dhéanfaidh
sin cúis;”
tugadh níos measa corr uair orm gan amhras.
D’inis mé dó m’ainm is mo shloinne,
gur duine mé de bhunadh na háite.

Chuir sin aoibh ar a aghaidh is shéid sé toit
suas san aer,
nach casta an saol é, ar seisean
“Is comharsa béal dorais mé duitse a ghasúir,
is d’aithin mé thú ar do mhuintir.
Tá iontas go bráth ort ach rugadh mise anseo,
beidh me le feiceáil fán áit seo feasta.
Ó, is mé atá sásta ar ais i bhur measc,
i ndiaidh blianta thar lear agam caite.

Mhínigh sé domh go raibh se i ndiaidh pilleadh,
gur ar muir a chaith sé na blianta;
nach raibh aigéan sa domhan nár threabh sé na
tonnta

“s gur streachail sé lena bhfiántas.
“Is rud í an fharraige,” dúirt sé go híseal,
nach bhfaighidh tú an bhua uirthi a choíche.
Lá amháin í do chara, lá eile í do namhaid
ach i gcónaí do mhealladh le hiontais.”

Bhí mo chairde faoin am seo ina suí ar an
talamh
ag éisteacht le gach uile fhocal;
Sean-Jack le huaigneas ag amharc ar an uisce
is ag aithris a chuid scéalta go fonnmhar.
Labhair sé fá oileáin ar a raibh bolcáin go
flúirseach,
rinne sé cur síos ar stoirmeacha ‘s gaotha;
Thug sé tuairisc ar phoirt, is ar bhadaí móra
seoil,
ach go háirithe labhair sé fá dhaoine.

Bhí draíocht sna focail a sheol óna chroí,
ach mhothaigh muid an phian ina anam,
Le brón ina ghuth is deoir ina shúil,
D’inis sé fá na seoltóirí a cailleadh.
“Níl lá nach dtéann thart nach bhfeicim a
n-aghaidheanna
tá siad greanta i mo mheabhair don tsíoraíocht.
Sin mar atá níl aon leigheas ar sin
mar chuaigh píosa domh féin leo go grinneall”

Sheas sé ansin d’amharc sé thart orainn uilig,
chuir sé a phíopa ar ais ina phóca.
“Ná bíodh trua agaibh domhsa” is d’amharc sé
amach
ar an fharraige a bhí mar pháirt dena anam.
“Ná cailligí uchtach ó bheith ag éisteacht li-
omsa
agus glacaigí an chomhairle seo uaimse
Meánn an suairceas an duairceas sa domhan
is cha n-athraíonn a dhath de mo shaolsa.”

Proinsias Ó Cuilinn

Feadaímó



Bhí Feadaímó i ndiaidh éalaithe ó luíochán na saighdiúirí agus bhí Condaí Rua leis mar phríosúnach. D'fhág sé Condaí ina luí ceangailte i ndíog, in aice le tor aitinne, agus tostóir ina bhéal agus d'imigh sé ina rith le rabhadh a thabhairt do na fir a bhí fágtha leis an táin. Bhí an oíche domhain ann faoin am seo ach bhí leath-ghealach sa spéir agus chuidigh sin leis fanacht ar an chosán a bhí ag reáchtáil le taobh na habhann. Chuala sé géimneach na mbó ag teacht chuige amach as an dorchadas agus roimh i bhfad tháinig sé ar an chuibhreann ina raibh siad. Sheas sé ag an gheaftha ach cha raibh duine ar bith le feiceáil. “Hoi, a fheara,” a scairt sé amach, “cá bhfuil sibh?” “Coinnigh socair,” arsa Seán, a bhí ina shuí ar an chlaí.

“Cad chuige an bhfuil tú ag scairteadh mar sin?” “Á, a Sheáin, buíochas do Dhia,” arsa Feadaímó, chan fhaca mé tú ansin. Cá bhfuil na boic eile uilig?” “Tá an chuid is mó acu ina gcodladh sa chairt,” arsa Seán. “Tá mé fhéin is Tuathal ag déanamh ár seal buachailleachta ag an bhomaite. Tá Tuathal ar a chapall ag dul thart ar an chuibhreann. Níl a dhath....” Bhris Feadaímó isteach le scread. “Hoi, a Thuathail, cá bhfuil tú?” Sheas Seán. “Faoi Dhia, a Fheadaímó,” a dúirt sé, agus fearg ina ghlór, “an bhfuil tú ag iarraidh achan duine a mhúscailt?” “Sin go díreach an rud atá mé ag iarraidh a dhéanamh,” arsa Feadaímó, agus lig sé scread eile amach as. “A fheara, éirígí go tapaigh. Hoí!, hoí.” Sheas cuid de na ba agus thosaigh siad ag géimneach. Tháinig Tuathal le rása ar a chapall. “Cad é atá tú ag déanamh, a Fheadaímó,” a dúirt sé. “An bhfuil tú ag iarraidh na ba a chur ag rith?” Chuala Feadaímó scairt ar a chúl agus thiontaigh sé. Páidí agus Séamaí a bhí ann. “Cá bhfuil an bheirt eile?” dúirt sé. “Tá Séamaí ag fanacht le Colm,” arsa Paidí. “Tá a fhios agat nach bhfuil Colm ábalta cos a chur faoi go fóill.” “Goitsígí uilig a fhad leis an chairt go gasta,” arsa Feadaímó, agus d'imigh sé. Lean na boic eile é agus iontas orthu uilig. Bhí Séamaí ina sheasamh le taobh na cairte agus Colm ina shuí ar an suíochán. “Éistigí liom,” arsa Feadaímó, “agus déanaigí an rud a iarraimse oraibh gan cheist nó beidh muid uilig sa phríosún nó ar bhád de chuid an rí roimh an mhaidin. Tá Domhnall i lámha na saighdiúirí agus tá an t-adh ormsa go raibh mé ábalta briseadh ar shiúl uatha. Anois, tá a fhios acu fán táin agus níl a dhath níos cinnte ná go mbeidh na saighdiúirí céanna anseo am ar bith agus caithfidh dul i bhfolach áit inteacht?”

Thosaigh Seán ag labhairt, “cad chuige a mbeadh na saighdiúirí sa tóir orainne?” a dúirt sé, “agus cén dóigh....” Chuir Feadaímó suas a lámh. “In ainm Dé,” a dúirt sé. “Níl faill againn do na ceisteanna seo. A Thuathail, tabhair thusa Colm leat ar do chapall. A Sheáin, tabhair thusa Séamaí leat ar do cheannsa.

A Phaidí, tusa agus Éamonn ar an dá chapall cairte agus leanaigí mise.” “Caidé, fá na ba,” arsa Colm. “Caithfidh dearmad a dhéanamh de na ba ag an am seo,” arsa Feadaímó, go mífhoighdeach. Chuir Seán a dhiallait ar a chapall agus thosaigh Feadaímó ina rith ar ais i dtreo na cathrach. “A Fheadaímó,” a scairt Tuathal, cén bealach a bhfuil tú ag dul. Tá coill mhór ar an mhullach sin thall is thiofcadh linn dul i bhfolach ann.” “Sin an chéad áit a rachaidh na saighdiúirí ár gcuardach,” arsa Feadaímó agus d'imigh sé leis. Lean na boic eile é gan focal mar d'aithin siad nach mbeadh freagraí ar bith ag teacht ó bhéal Fheadaímó go dtí go raibh siad i bhfolach ó na saighdiúirí. Chan rófhada uilig a bhí siad ón táin nuair a chuala siad na saighdiúirí ag tarraingt ar an chuibhreann. Bhí trup na gcapall agus glóirtha na n-oifigeach le cluinstitín agus iad ag cuardach na dtiománaith. Char amharc Feadaímó thart ar chor ar bith ach choinnigh sé ag dul chomh tiubh géar is a thiofcadh leis. Bhí Seán go díreach ar chúl Fheadaímó agus anois is arís chaith sé fhéin is na fir eile corr shúilfhéachaint eaglach i dtreo an champa. Mhóthaigh Feadaímó go raibh sé ag éirigh tuirse i ndiaidh na hoíche a bhí caite aige, idir shnámh agus rith, ach char lig sé do sin cur isteach air. Chuaigh an ghealach isteach ar chúl scamail mhóir agus bhí sé deacair an cosán a dhéanamh amach; ach bhí súile Fheadaímó cleachtaithe anois leis an dorchadas agus roimh i bhfad tháinig siad a fhad leis an díog ina raibh Condaí.

Thóg Feadaímó é amach as an díog agus chaith sé é suas ar mhúineál chapall Phaidí. “Má thugann sé buaireamh ar bith duit, a Phaidí, caith é ar an talamh ar mhullach a chloiginn go díreach. Cuirfidh sin múineadh air,” arsa Feadaímó agus lean sé ar aghaidh ag rith i dtreo na cathrach sula bhfuair duine ar bith deis ceist a chur fá Chondaí. Nuair a bhí sé cóngarach don droichead stad sé. “Tá sé dul a bheith contúirteach ó seo amach, a fheara,” a dúirt sé. “Beidh patróil saighdiúirí ag coinneáil súile ar achan bhealach agus go háirithe ar na droichid. Anois, tá a fhios agam nach bhfuil sibh ag iarraidh na capaill a chailleadh, go háirithe tusa agus Tuathal, a Sheáin, ach beidh sé fíor-dheacair ár mbealach a dhéanamh isteach agus iad linn?” “Cha dtig liomsa mo chapall a chailleadh,” arsa Seán, “sin an t-aon dóigh atá agam le pingin a shaothrú.” “Tá mise sa bhád chéanna,” arsa Tuathal. “Tuigim sin, ach má fhanann muid amuigh faoin tuath béarfar orainn,” arsa Feadaímó, agus é ag amharc isteach sna cuibhrinn. Sa deireadh chuir sé scairt orthu. “Sílím go bhfuil dóigh amach as an deacracht seo. Coinníonn na saighdiúirí a gcuid capall sna cuibhrinn seo. Chonaic mise iad tráthnóna inniu ag teacht isteach domh. Tá siad thall ansin go díreach. Amharc, thig leat iad a dhéanamh amach faoi na crainn sin thall. An bhfeiceann sibh? “Chan fheicimse rud ar bith” arsa Tuathal, “ach cha bheadh mo chuid súl rómhaith sa dorchadas.” Ó, tchím anois iad,” arsa Seán. “Lorda, tá na céadta acu ann.” “Go díreach,” arsa Feadaímó, “anois, thig linn na diallaití a chur i bhfolach agus na capaill a chur isteach i measc na gcapall eile. Nuair atá ár ngnó déanta tiocfaidh muid ar ais agus gheobhaidh muid iad.” “Tá cloigeann ar na guailí óga sin, a Fheadaímó,” arsa Seán. “Bheadh an mí-ádh ar fad orainn dá dtabharfadh siad faoi deara ceithre chapall sa bhreis i measc na tréada sin.” D'fhág siad na capaill agus chuaigh siad ar ais i dtreo an droichid. Cha raibh saighdiúirí ar bith le feiceáil ach bhí

Feadaímó amhrasach faoi sin. “Cha bheinnse sásta úsáid a bhaint as an droichead, a fheara,” a dúirt sé. “Sílimse go mbeadh sé níos sábháilte dúinn dhul trasna ar bhád bheag.” “Dá mbeadh bád beag againn,” arsa Tuathal. “Fanaigí anseo, cha bhím i bhfad,” arsa Feadaímó, agus d’imigh sé siar ar an bhruach. Cúpla céad slat ón droichead chonaic sé bothán beag in aice an uisce ach bhí an doras glasta. Shíl Feadaímó gur comhartha maith a bhí ann agus sheas sé ar cúl píosa. Rinne sé rása beag ansin agus bhuail sé cic lena shál i lár an dorais. Bhris an doras ina dhá leath agus shiúil sé isteach. Bhí bád beag ceithre rámha istigh ann agus tharraing sé é amach agus chuir sé é san abhainn.

D’iomair sé soir in éadan an tsrutha agus tharraing sé an bád isteach cóngarach don droichead ach fada go leor ar shiúl sa dóigh is nach mbeadh na soilse mar dheacracht acu. Shuigh siad uilig isteach ar an bhád agus d’iarr Feadaímó ar Phaidí iomramh a dhéanamh leis na rámha eile agus chuaigh siad trasna na habhann. “Thig linn scioból a fháil agus fanfaidh muid ann go dtí’n mhaidin,” arsa Feadaímó. Meascfaidh muid leis na sluaite amárach is cha dtabharfar fá deara muid.” “Caidé fá Chondaí Rua,” a Fheadaímó, arsa Colm. “Fágaigí Condaí Rua agamsa,” arsa Feadaímó, agus an fhearg teann ina sceadamán. Mhóthaigh Colm an bhagairt i nguth Fheadaímó agus d’amharc sé ar Chondaí agus é ina luí mar a bheadh amparán ann. Bhí cineál de thrua aige dó ar feadh bo-maite ach char mhair an mothúchán sin leis rófhada.


Choinnigh Feadaímó an bád ag dul soir agus é teann leis an bhruach go dtí go bhfaca sé an bád mór cogaidh os a chomhair. Bhí soilse ola lasta ar an chéidh os comhair an bháid agus chonaic Feadaímó mairnéalach ina sheasamh ar an chéidh agus gunna ina lámh. “Tarraing isteach anseo, a Phaidí,” a dúirt sé. Chuir Feadaímó iad uilig ar an bhruach ach amháin Paidí, Condaí Rua agus é féin. “Fanaigí anseo faoin chrann darach sin, cha bhím i bhfad,” arsa Feadaímó, agus tharraing sé ar na rámhaí. Nuair a bhí siad níos cóngaraí don long bhí sé ábalta an t-ainm a dhéanamh amach. Bhí “HMS Agincourt” le feiceáil go soiléir.

Fuair Feadaímó greim ar rópa an ancaire agus lig sé scairt as. “Hoí, the boat.” Chonaic an mairnéalach iad ansin agus dhírigh se a ghunna orthu. “Stay just where you are,” arsa an mairnéalach agus thiontaigh sé chuig an bhád. “Officer of the Watch,” a scairt sé. Tháinig oifigeach agus beirt shaighdiúir ón bhád go dtí’n chéidh agus dhírigh na saighdiúirí sin a ngunnaí ar Fheadaímó fosta. Sáirsint a bhí i nduine acu agus labhair sé le Feadaímó. “State your business mate,” a dúirt sé. Cha raibh Béarla rómhaith ag Feadaímó agus lig sé do Phaidí an chaint a dhéanamh. I ndeireadh thiar thall fuair siad cúig ghine ar Chondaí Rua gan cheist ar bith. Labhair Feadaímó le Condaí sular thóg na saighdiúirí é amach as an bhád bheag. “B’fhéidir nach bhfuil mórán idir na cluasa agam, a dhiúlaigh, ach cha ndéanann tú dearmad domhsa a choíche is tú amuigh ar an fharraige mhór. Bhain Feadaímó an tostóir de agus thosaigh sé ag gáire is é ag éisteacht leis an racht mionn mór a bhí ag pléascadh ó bhéal Chondaí Rua. Tháinig siad a fhad leis an chrann darach agus tharraing siad an bád isteach ar an bhruach. Chonaic na boic eile nach raibh Condaí leo ach mar a tharla i rith na hoíche, char cuireadh ceist. Shuigh siad ansin ar an bhruach agus mhínigh Feadaímó dóibh fán dóigh ar thit rudaí amach agus fán pháirt a bhí aige fhéin

ann. Bhí sé náirithe agus é ag insint an scéil fá Shíle agus faoin dóigh a raibh sí ina seasamh leis an Cholonel agus a méar dírithe airsean. Sheas sé sa deireadh agus labhair sé leo. “Más é an rud deireanach a dhéanaimse i mo shaol,” a dúirt sé, “scaoilfidh mé Domhnall saor agus cuirfidh mé luach na tána isteach ina lámh.” “Tá sé furasta go leor a leithéid sin a rá,” arsa Seán, “ach rud eile ar fad é gníomh mar sin a chur i gcríoch. Níl a fhios agat cá háit a bhfuil Domhnall agus má tá an táin díolta, níl a fhios agat cé aige a bhfuil luath na tána.” “Tá deacracht eile ann fosta,” arsa Tuathal. “Más rud é go mbeifeá ábalta Domhnall a scaoileadh saor ó na húdaráis, bheadh sé ar a theitheadh as sin amach.” “Char dúirt mé go mbeadh sé furasta,” arsa Feadaímó, agus glacaim leis go bhfuil go leor deacrachtaí i gceist, ach i dtaca le Domhnall a bheith mar thóraí, nárbh fhearr sin dó ná a bheith ar bord An Agincourt. Anois, glacaim leis go bhfuil neart contúirtí ag baint leis an phlean seo agus níl me ag iarraidh oraibhse cuidiú ar bith a thabhairt domh. Orm fhéin atá an locht go ndeachaigh seo uilig bealach an gharraí agus cha bheadh lá suaimhnis i mo shaol arís agam muna ndéanfainn rudaí a chur i gceart.” Bhí an lá ag bánú amach soir agus bhí sé in am dóibh foscadh a fháil. “Goitsígí anois,” arsa Feadaímó. “Cha dtig linn a bheith inár suí anseo nuair a thiocas an mhaidin.” Choinnigh siad isteach teann leis na foirgnimh agus iad ag déanamh a mbealach ar shiúl ón abhainn. Bhí sé doiligh dul chun cinn a dhéanamh siocair Colm a bheith gortaithe ach tháinig siad ar sheanbhallóg de theach agus chuaigh siad isteach ann. Cha raibh díon ar bith air ach rinne siad foscadh dóibh fhéin le píosaí adhmaid agus sean-doirse. “Nach aisteach an rud an saol,” arsa Colm. “Nuair a d’éirigh muid maidin inné bhí cairt lán príosúnach againn agus bhí táin againn fosta. Ag dul a luí anocht dúinn níl príosúnach nó bó againn.” “Dá mbeadh ábhar suipéir againn fhéin, arsa Séamaí, cha bheadh se chomh holc.” Cha raibh rud ar bith le rá ag an chuid eile acu. Bhí an fhírinne lom. Rinne siad iad fhéin a shocrú ag fanacht ar an mhaidin. Bhí go leor ar a intinn ag Feadaímó ach char ghlac sé i bhfad do titim ina chodladh. Leoga, roimh i bhfad bhí siad uilig mar an gcéanna.

Beidh an chuid eile san chéad eagrán eile.

LOSAMNEACHA SHLEANN ŪRAÍ



19. Scoilt Bun na Meirge
20. Scoilt na mBodóg
21. Scoilt Uí Laifeartaí
22. Scor Mór
23. Trá Ghleann Iúbhri
24. Binn Bhuí
25. Cuibhrinn Noní
26. Garraí Phadú Mhagie
27. Garraí na gCruach

4. Poll na bPortán
5. Poll na gCuraí
6. Poll na Séideog
7. Salt Pans
8. Scoilt a' Chorach

1. An Charraig Fhada
2. An Punta
3. Car na Baintrí
4. Carn na mBallán
5. Carraig a' Ghainimh
6. Carraig a' Triús
7. Carraig na Ronnaigh
8. Cladach Leathan
9. Cnoc Breac
10. Garadh Beag na bPaidís
11. Lag an Chnoic Bhric
12. Oiléan an Churaí
13. Poll an Ime

COISTE FORBARTHA CHARRAIG AIRT




Rinne Coiste Forbartha Charraig Airt an Dochtúir Leaslaoi Lúcas a onóru ag ócáid phoiblí in Óstán Charraig Airt, Dé Satharn, 31ú Iúil. Scoláire Gaeilge ón cheantar, a rinne staidéar ar Ghaeilge agus ar chanúint Ros Goill a bhí in Leaslaoi agus chomh maith leis an dá leabhar “Grammar of Ros Goill Irish” agus an foclóir “Cnuasach Focal as Ros Goill” a chur sé le chéile, d’fhoilsigh sé dhá leabhar ar stair an cheantair, “Mevagh Down the Years” agus “More about Mevagh”.

Rinneadh cur síos ar shaol agus ar shaothar Leaslaoi, sa chúigiú eagrán is fiche den iris seo.

Ag an ócáid i gCarraig Airt thug Seán Mac Giolla Chearra, iar-Ard-Rúnaí Chumann Múinteoirí Éireann, léacht faoi shaol Leaslaoi. Ina dhiaidh sin bhí ceol ón ghrúpa “Ceoltóirí Cladach” agus ó na deirfiúracha Deirdre agus Sorcha Ní Chuilinn. I ndiaidh na sólaistí nochtadh plaic in ómós do Leaslaoi ar bhinse cuimhneacháin ar Bhóthar an Chladaigh, in aice le Páirc na Trá.

Sa ghrianghraf thuas tá, ó chlé, John McCreadie (Cumann Staire Dhún na nGall), Seán Mac Giolla Chearra, Hilary Mhic Nuadht agus Déaglán Ó Cearúill (Cumann Staire Dhún na nGall).

Naíonra Dhiarmada agus Ghráinna 2010/2011



I gcaimhne An Dr Leaslaoi U Lúcas
Scoláire Gaeilge, staraí & údar
1919 - 2003
Dedicated to the memory of
Dr Leslie W Lucas
Gaelic scholar, historian & author
1919 - 2003



**An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe
agus Gaeltachta**
Department of Community, Rural
and Gaeltacht Affairs



Údarás na Gaeltachta



AN COMHLACHAS NÁISIÚNTA DRÁMAÍOCHTA
Camas, Conamara.
Teil: 091-574146 / Facs: 091-574155
eolas@drama-gaeilge.com www.drama-gaeilge.com



Urraithe ag

Foras na Gaeilge